Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Eanáir 2018**
**(OR. en)**

**5542/18**

**ECOFIN 49**
**UEM 16**
**SOC 28**
**EMPL 19**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5157/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh do 2018<br>– Conclúidí ón gComhairle ECOFIN (23 Eanáir 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh do 2018, a ghlac an Chomhairle (ECOFIN) ag an 3592ú cruinniú dá cuid ar an 23 Eanáir 2018.

**TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH DO 2018**

- Conclúidí ón gComhairle (ECOFIN) -

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an seachtú Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh (AMR), ar tuarascáil ón gCoimisiún í atá ina túsphointe don bhabhta bliantúil de chur chun feidhme an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch (MIP) i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2018.

2. AONTAÍONN SÍ I gCOITINNE leis an anailís chothrománach a rinne an Coimisiún ar choigeartú na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur thosaigh na míchothromaíochtaí ag leachtú i roinnt mhaith cásanna de réir a chéile i gcomhthéacs téarnaimh níos leithne agus níos stóinsithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú tagtha ar rioscaí ach gurb ann dóibh fós agus go dtagann siad, den chuid is mó, ó na foinsí céanna as ar tháinig siad sna blianta roimhe seo. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá go leanfaidh an dul chun cinn maidir le hathchothromú seachtrach ar aghaidh, de bhrí go bhfuil míchothromaíochtaí móra stoic agus sreabhaidh ann i gcónaí agus toisc nach dtacaíonn forbairtí iomaíochais an oiread sin le hathchothromú. Tá an laghdú ar stoic mhóra fiachais phríobháidigh agus rialtais ag leanúint ar aghaidh i gcónaí ach tá sé fós míchothrom. Tá feabhas tagtha ar an-chuid gnéithe in earnáil na baincéireachta ach tá dúshláin fós ann go háirithe sa mhéid a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha. Cé go bhfuil an téarnamh ag leathnú agus ag comhdhlúthú, maidir le táirgiúlacht na bhfachtóirí uile, is fás é an téarnamh sin atá fós faoi bhun na rátaí roimh an ngéarchéim.. Tá líon na dtíortha ag dul i méad ina bhfeictear comharthaí go bhfuil róbhorradh faoi chostais saothair agus faoi phraghsanna tithíochta. Mar sin, CUIREANN SÍ I bhFÁTH go mba cheart go leanfaí ar aghaidh le hiarrachtaí athchóirithe ar luas lena n-áiritheofaí na coinníollacha le haghaidh méadú buan san fhás féideartha agus d'fhonn cur leis an deis chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí ar bhonn inbhuanaithe.

3. COMHAONTAÍONN SÍ go mba cheart do Bhallstáit a bhfuil easnaimh sa chuntas reatha nó fiacha seachtracha arda acu iarracht sa bhreis a dhéanamh chun a n-iomaíochas a fheabhsú agus chun cosc a chur ar fhás rómhór i gcostais aonad saothair, agus ag an am céanna go mba cheart do Bhallstáit a bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha acu na dálaí a chruthú chun fás pá a chur chun cinn agus an ról atá ag na comhpháirtithe sóisialta á urramú agus go mba cheart dóibh tús áite a thabhairt do chur chun feidhme beart lena gcuirfear infheistíocht chun cinn, lena dtacófar le héileamh intíre agus le hacmhainneacht fáis, agus athchothromú á éascú freisin sa chaoi sin.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an scagadh bunaithe ar léamh eacnamaíoch agus airgeadais an scórchláir a chuir an Coimisiún i láthair sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le hanailís sa bhreis a dhéanamh, de bhíthin athbhreithniú domhain (IRD) ar an méid a thit amach le déanaí sa dá Bhallstát déag inar sainaithníodh míchothromaíochtaí anuraidh, lena mheas an bhfuil na míchothromaíochtaí leachtach, dianseasmhach nó géiritheach, agus cur chun feidhme beart ábhartha chun na míchothromaíochtaí a shárú á gcur san áireamh, lena n-áirítear na bearta sin a moladh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil leochaileacht i roinnt Ballstát nach bhfuil gá le IDR a dhéanamh iontu ag an gcéim seo, agus go mbeidh gá le súil a choimeád ar an méid a thitfidh amach maidir le méadú foinsí nua féideartha de rioscaí maicreacnamaíocha.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún na hathbhreithnithe doimhne atá i ndlúth agus in inneach na dTuarascálacha Tíre a fhoilsiú i mí Feabhra. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le díriú ar na príomhdhúshláin, agus idirdhealú á dhéanamh idir na dúshláin atá os comhair na mBallstát ó thaobh cineál, foinsí agus déine rioscaí agus é i gceist leis sin tosaíochtaí soiléire a léiriú agus gníomhaíocht mhear a áirithiú. MEABHRAÍONN SÍ go mba cheart, agus measúnú á dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann don limistéar euro agus don Aontas a chur san áireamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart leas a bhaint as an nós imeachta don mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch (MIP) a mhéad is féidir, lena n-áirítear agus an ghné cheartaitheach á cur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil feabhas tagtha ar uirlisí anailíse agus go mbaintear úsáid astu agus anailís á déanamh sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá leanúint ar aghaidh leis an obair theicniúil chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí is atá an scórchlár agus chun foinsí nua rioscaí maicreacnamaíocha a luathbhrath, agus chun uirlisí agus creataí anailíse a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh lena ndéanfar measúnú ar na forbairtí agus ar an spreagadh atá taobh thiar de mhéadú agus de leachtú míchothromaíochtaí agus éifeachtaí iarmharta bainteacha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil trédhearcacht agus intuarthacht MIP tábhachtach, go háirithe ó thaobh na gcatagóirí míchothromaíochtaí atá ann cheana a choimeád, chun a áirithiú gurb iad na Ballstáit iad féin a bheidh i bhfeighil ar an nós imeachta, rud atá fíorthábhachtach freisin ó thaobh éifeachtacht MIP.

7. MEASANN SÍ go gcuidíonn faireachán is sonrach do MIPanna le cur chun feidhme éifeachtach beart a chaomhnú lena dtugtar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé tábhachtach cleachtais chobhsaí thrédhearcacha a choinneáil maidir le cur chun feidhme faireacháin shonraigh.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuarascálacha cuíchóirithe ón gCoimisiún ar fhaireachán sonrach ina bhfuil táblaí caighdeánacha lena ndéantar achoimre ar an measúnú ar chur chun feidhme athchóirithe. AONTAÍONN SÍ i gcoitinne leis an measúnú a chuir an Coimisiún ar fáil sna tuarascálacha ar fhaireachán sonrach, ar measúnú é a bhaineann le gníomhaíocht a rinne na Ballstáit a raibh míchothromaíochtaí acu, i gcomhthéacs MIP agus na mbearnaí beartais arb ann dóibh fós. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is ábhar imní di gur de réir an mheasúnaithe ón gCoimisiún, go bhfuil moill ag teacht ar ghníomhaíocht athchóirithe, lena n-áirítear i dtíortha inar sainaithníodh míchothromaíochtaí iomarcacha, agus tugann sí dá haire go bhfuil gníomhaíocht athchóirithe míchothrom ar fud na mBallstát agus dálaí eacnamaíocha atá ag dul i bhfeabhas iontu ag an am céanna. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go mba cheart do na Ballstáit an deis a thapú, fad is atá dálaí eacnamaíocha maithe ann, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le tuilleadh cur chun feidhme athchóirithe i gcomhthéacs MIP, lena n-áirítear ardleibhéil fiacha a ísliú.

9. IARRANN SÍ AR an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar na torthaí ar fhaireachán sonrach ar bhealach comhsheasmhach éifeachtach i dtaca leis an méid a bhaineann le cur chun feidhme MIP, agus IARRANN SÍ AR na Ballstáit aghaidh a thabhairt, ar bhealach uaillmhianach nithiúil, ar na bearnaí beartais arna sainaithint i gcomhthéacs faireacháin shonraigh chun go gceartófar míchothromaíochtaí díobhálacha.